

RÁITEAS UM CHUMHDACH LEANAÍ

(Ullmhaithe de réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)



1. AINM NA SEIRBHÍSE

An Garda Síochána

2. CINEÁL SEIRBHÍSE & PRIONSABAIL CHUN LEANAÍ A CHUMHDACH Ó DHÍOBHÁIL

Foráiltear le halt 7 d'Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú:

(1) Is é feidhm an Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát agus é mar chuspóir aige—

- síocháin agus ord poiblí a shlánchoimeád,
- beatha agus maoin a chosaint,
- cearta daonna gach duine aonair a shuíomh,
- slándáil an Stáit a chosaint,
- coireacht a chosc,
- coirpigh a thabhairt faoi réim an cheartais, lena n-áirítear trí choireanna a bhrath agus a imscrúdú, agus
- trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

(2) D'fhonn an cuspóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a bhaint amach, comhoibreoidh an Garda Síochána, de réir mar is cuí, le Ranna eile Stáit, le gníomhaireachtaí eile agus le comhlachtaí eile a bhfuil freagracht orthu, le dlí, i ndáil le haon ní a bhaineann le haon ghné den chuspóir sin.

Tá freagracht agus dualgas cúraim ar phearsanra atá fostaithe ag an nGarda Síochána a chinntiú go bhfuil gach leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís sábháilte agus cosanta ó dhíobháil, mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Cloíonn an Garda Síochána de réir a nádúir go bunúsach le reachtaíocht chun an baol do leanaí a mhaolú. Is é seo bonn bunúsach na ndoiciméad beartais agus treoirínte laistigh den eagraíocht. Baineann na beartais agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo le gach pearsanra atá fostaithe ag an nGarda Síochána, d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an leibhéal is airde is féidir chun leanaí a chosaint ar fáil.

Tá an Garda Síochána tiomanta do leanaí a chumhdach agus chun na críche sin, glacann sé cognaíocht ar chearta an duine, ar fhorálacha ábhartha de Bhunreacht na hÉireann agus ar fhorálacha reachtacha ábhartha.

3. MEASÚNÚ RIOSCA

Rinneadh measúnú cuimsitheach riosca, d'fhonn rioscaí féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn do leanaí a aithint agus iad ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, a chuireann an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo in iúl.

Riosca Aitheanta	Nós Imeachta i bhFeidhm chun an Riosca a Shainaithnítear a Bhainistiú
1 Riosca díobhála do leanaí a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus iad i mbun a ndualgas.	<ul style="list-style-type: none">Cóid Eitice don Gharda Síochána.Múnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána.Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin agus Aonaid um Chosaint Leanaí a bhunú.Athbhreithnithe ag Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána.Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid treoirínte maidir le tuairisciú, fógra, agallamh agus imscrúdú a leagtar amach go mion sa mheasúnú riosca iomlán ar dhochar a choinnítear ag an Aonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí de Bhiúró Náisiúnta seirbhísí Cosanta an Gharda Síochána.Treoirínte an Gharda Síochána maidir le hidirghníomhú le leanaí.
2 Baol díobhála do leanaí faoi chúram/choimeád an Gharda Síochána ó dhaoine eile atá ag baint úsáide as seirbhís an Gharda Síochána.	<ul style="list-style-type: none">Chomh fada agus is indéanta, scartar leanaí ó dhaoine eile agus iad i stáisiúin na nGardaí, chun baol díobhála a sheachaint.Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil, 1984 (Déileáil le Daoine atá faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána) 1987 agus 2006.Measúnú Riosca ar Thaifead Coimeádta an Gharda Síochána a thabhairt isteach.Nós imeachta taifeadta agus treoirínte a bhaineann le leanaí atá faoi chúram an Gharda Síochána.
3 Riosca díobhála do leanaí atá ag gabháil do chláir don oíge arna n-eagrú ag an nGarda Síochána	<ul style="list-style-type: none">Oiliúint i Leanaí Tús Áite do gach Oifigeach Idirchaidrimh Ógánaigh agus Gardaí Pobail.Tionscadal Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána Oifig Náisiúnta.Reachtaíocht, beartais, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid treoirínte maidir le tuairisciú, fógra, agallamh agus imscrúdú.
4 Dochar do leanbh nach bhfuil aitheanta nó tuairiscithe ag pearsanra laistigh den Gharda Síochána, nó freagra míchuí ar mhí-úsáid.	<ul style="list-style-type: none">Tá roinnt cáipéisí eolais maidir le Tús Áite do Leanaí curtha ar fáil do phearsanra laistigh den Gharda Síochána.Tá oiliúint tús áite do Leanaí éigeantach do gach ball den Gharda Síochána le linn oiliúna Promhaidh nó trí oiliúint a chuirtear ar fáil trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach."An Introduction to Children First" oiliúint éigeantach ríomhfhoghlama do gach ball den Gharda Síochána.

4. NÓSANNA IMEACHTA

Forbraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí an Gharda Síochána de réir riachtanais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017). Chomh maith leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú, atá mionsonraithe thuas, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas le cosaint leanaí a thagann i dteagmháil leis an nGarda Síochána:

- Tá gach comhalta den Gharda Síochána faoi réir imscrúdaithe tar éis líomhaintí faoi mhí-úsáid linbh de réir an dlí choiriúil, Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, agus Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín) 2007, arna leasú.
- Tá gach ball den Gharda Síochána faoi réir grinnfhiosrúcháin maidir le hiarratas agus ceapachán tosaigh.
- Cuirtear oiliúint tús áite do Leanaí ar fáil do gach comhalta den Gharda Síochána le linn oiliúna Promhaidh nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
- Ina theannta sin, tá pearsanra atá fostaithe in obair speisialtóra le leanaí faoi réir measúnú breise oiriúnachta.
- Déanfar gach ábhar inní maidir le cosaint leanaí agus leas atá ar eolas ag an nGarda Síochána a thuairisciú do Tusla, de réir Chomhphrótacal Oibre na Leanaí don Gharda Síochána/ Tusla – Idirchaidreamh na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.
- Is daoine sainordaithe iad gach comhalta den Gharda Síochána. Is daoine sainordaithe iad gach Ball Foirne de chuid an Gharda Síochána atá fostaithe mar lia-chleachtóirí cláraithe, altraí, síceolaithe, agus múinteoirí.
- Is é an duine ábhartha chun críocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 ná Bleachtaire-Cheannfort, Biúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta an Gharda Síochána (An tAonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí) GNPSB@garda.ie.

5. FORFHEIDHIÚ

Tá an Garda Síochána tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chumhdach Leanaí seo agus do na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun tacú leis an tiomantas leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo roimh an 1 Iúil 2024, nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith tagtha ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.

Le haghaidh ceisteanna, déan teagmháil leis an 'Duine Ábhartha' chun críocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015: Bleachtaire-Cheannfort, Biúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta an Gharda Síochána (An tAonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí)

Ag Coinneáil Daoine Sábháilte – Keeping People Safe

Coimisinéir an Gharda Síochána

